

Páirtneracht Forbatha Chiarraí Theas Teo



An Príomhsráid Thiar, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí

Guthán: 066 9472724 Facs: 066 9472725

Ríomhphost: info@skdp.net

CLÁR UM FHORBAIRT TUAITHE (LEADER) (2014-2020)

TREOIRDHOICIMÉAD MAIDIR LE CISTIÚ TIONSCADAIL

(Leagan 1.5)

<u>Mír</u>	<u>U.Leathanaigh.</u>
Liosta Acrainm <u>2014-2020</u>	5
<u>ROINN 1 – Réamhrá ar an gClár um fhorbairt tuaithe (LEADER)</u>	
Réamhrá ar an gclár	6
Straitéis forbartha áitiúil (LDS)	6
Comhpháirtithe Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta	6
Líomatáiste Geografach Infheidhmithe	7
Téamaí Cláir & Fothéamaí	8
Cineálacha Cúnaimh ar fáil	8
Téama 1: Forbairt Gheilleagrach, Forbairt Fiontar & Cruthú Fostaíochta Fothéama: Turasóireacht Tuaithe/ Forbairt Fiontar / Bailte tuaithe / Leathanbhandach	10/11
Téama 2: Cuimsiú Sóisialta Fothéama: Bunseirbhísí dírithe ar Phobail a bhfuil teacht orthu deacair/ Óige Tuaithe	12
Téama 3: Timpeallacht Tuaithe Fothéama: Caomhnú & Úsáid Inbhuanaithe d’Acmhainní Uisce/ Cosaint & Feabhsú de Bhithéagsúlacht Áitiúil/ Forbairt de Fhuinneamh In-athnuaite	13
Tionscnamh Bia Ceardaí	14
Gníomhaíochtaí Neamh-incháilithe	14
<u>ROINN 2 – Rialacha den Chlár um fhorbairt tuaithe (LEADER) 2014-2020</u>	
Cúnamh Deontais- Suimeanna & Rátaí	14
Riachtanais Státchabhair/De-minimis	15
Cistí Meaitseáil Tionscadail/ Comhchistiú	16
Fianaise de Chistiú Meaitseála / Maoiniú Idirlinne	16
Deonachán Comhchineáil	17
Tabhartas Talaimh /Eastát Réadach	17
Saothar Deonach	17
Ceannachán Talaimh	18
Fianaise den Teideal / Léasacht	18
Trealamh Athlámhe	19
Luachana/ Tairiscintí	20
Riachtanais ó thaobh poiblíocht	22
Foilsíú Tairbhith	22
Árachas	23

Comhlíonadh Cánach	23
<u>ROINN 3 – Próiseas Iarratais don Chlár um Fhorbairt Tuaithe (LEADER) 2014-2020</u>	
Glaonna Spriocdhírithe do Iarratais	24
Sreabhchairt ar phróiseas maoinithe	25
Próiseas Iarratais	26
Sonraí Teagmhála	30

Tá an t-eolas atá ar fáil ins an doiciméad seo do threorú amháin agus caithfear é a úsáid i gcomhar le Rialacha Oibríochtúla den Chlár um Fhorbairt Tuaithe (LEADER), atá faoi réir athrú. Ní bheidh Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Chiarraí (LAG), a gComhpháirtithe cur chun feidhme agus comhpháirtithe airgeadais freagrach as aon earráid nó aon eolas atá in easnamh laistigh den doiciméad.

Ritheann Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Chiarraí (LAG), an Clár um Fhorbairt Tuaithe (LEADER) bunaithe ar na rialacha leagtha amach ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Is féidir leis na rialacha seo a bheith faoi réir athrú ag an Roinn thar fad an chláir.

Is féidir íoslódáil a dhéanamh ar leagan iomlán de na Rialacha Oibríochtúla ar shuíomh gréasáin SKDP ag:

www.southkerry.ie

Liosta Acrainm

CEDRA	Coimisiún do Fhorbairt Gheilleagrach de cheantair tuaithe
CLLD	Forbairt Áitiúil faoi stiúir an phobail
DAFM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
DECLG	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil
EAFRD	An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe
EOI	Léiriú Spéise
EU	An tAontas Eorpach
ICT	Teicneolaíocht Faisnéise Cumarsáide
KCC	Comhairle Contae Chiarraí
LAG	Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta
LCDC	Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
LDS	Straitéis Forbartha Áitiúil
NEWKD	Forbairt Thuaisceart, Oirthear Chiarraí agus Ciarraí Thiar
OJEU	Iris Oifigiúil den Aontas Eorpach
RDO	Oifigeach Forbartha Tuaithe
RDP	Clár um fhorbairt tuaithe
SKDP	Páirtneracht Forbatha Chiarraí Theas Teo
SME	Gnóthais Bheaga Mheánacha

ROINN 1 – Réamhrá ar an gClár um fhorbairt tuaithe (LEADER) 2014-2020

Réamhrá ar an gClár


Is é LEADER ann ná cur chuige Forbartha Áitiúil faoi stiúir an phobail ina mbíonn baint ag pobail tuaithe i bhforbairt freagairtí i dtaobh na príomh dúshláin atá ina gceantair ó thaobh eacnamaíocht, timpeallacht agus sochaí.

Straitéis Forbartha Áitiúil (LDS)

Tá tacaíocht curtha faoi LEADER ag creatlach agus le seo bíonn ar Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Chiarraí Straitéis Forbartha Áitiúil a chruthú chun gníomhaíochtaí LEADER a chur ar fáil. Is plean faoi stiúir an phobail í an Straitéis Forbartha Áitiúil, forbartha agus rite ag pobail tuaithe tríd an LAG, chun tabhairt faoi na riachtanais a aithnítear agus chun cuspóirí áitiúla a bhaint amach. Tá an Straitéis Forbartha Áitiúil forbartha agus curtha i bhfeidhm tríd cur chuige de ‘Fhorbairt Áitiúil faoi stiúir an phobail’, bunaithe ar chomhairliúcháin áitiúil agus rannpháirtíocht ghníomhach ón bpobal tuaithe don tréimhse go dtí 2020.

Rinne Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Chiarraí mion-próiseas comhairliúcháin sna pobail ar fud Ciarraí ó Mhí an Mheithimh go Mí Dheireadh Fómhair 2015. Rinneadh cóimheas ar an aiseolas ó imeachtaí pobail agus fiontraíochta agus chuir an t-eolas a bhailíodh; an Straitéis Forbartha Áitiúil don Chontae ar an eolas, a chuireadh ar aghaidh chuig An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil ar an 18ú Nollaig 2015. Fuaradh formheas críochnaitheach den straitéis ar an 16ú Bealtaine 2016 agus síneadh conradh don chlár ar an 8ú Iúil 2016.

Comhpháirtithe Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta




Beidh freagracht foriomlán ag **Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Chiarraí** as clár LEADER 2014-2020 i gContae Chiarraí. Tógfaidh an grúpa na cinntí críochnaitheacha ar iarratais i dtaobh maoiniú. Is ionann Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Chiarraí agus Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chiarraí.

Ról Chomhpháirtí Airgeadais-Beidh ról chomhpháirtí airgeadais ag Comhairle Contae Chiarraí. Íocfaidh siad an cúnamh deontais go tairbhithe clár agus déanfaidh siad seiceálacha riaracháin ar iarratais.

Ról Chomhpháirtí Feidhmithe— Beidh ról feidhmithe i dtaobh an chlár ag na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (LDC's) i gCiarraí. Cuirfidh siad an clár LEADER ar fáil ina gceantair geografacha féin. (Féach ar an Léarscáil-leathanach 5)-ag obair le hiarratasóirí chun forbairt a chur ar a gcuid iarratais le haghaidh maoiniú, ag glacadh le hiarratais le haghaidh maoiniú, ag déanamh measúnú ar na hiarratais agus ag tabhairt moltaí ó thaobh maoiniú chuig Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Chiarraí don bhreith chríochnaitheach.

Líomatáiste Geografach Infheidhmithe

Ag caint faoi LEADER, is ceantair tuaithe ann ná gach páirt d'Éireann lasmuigh de theorainneacha na cathair seo a leanas Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh. Tá gach áit lasmuigh de na teorainneacha seo i dteideal tacaíocht a fháil ó LEADER go teicniúil. Cuirfidh SKDP an clár ar fáil i gceantar Chiarraí Theas a bhfuil imchruth dhe i gcorcra ins an léarscáil thíos.




Téamaí Cláir & Fothéamaí

Léiríonn an clár trí théamaí sainaitheanta, tré comhairliúchán agus taighde, ag léiriú na riachtanais uileghabhálacha de lucht Tuaithe na hÉireann. Freagraíonn na téamaí seo do phríomh dúshláin os comhair lucht Tuaithe na hÉireann, maidir le:

- Téarnamh geilleagrach
- Cruthú fostaíochta
- Ag tabhairt faoi eisiamh sóisialta
- Ag laghdú an tionchar atá ag téamh domhanda agus ídiú acmhainní.

Tugtar sainmhíniú sa bhreis ar gach téama tré líon fothéamaí ina dhéantar machnamh ar na bun áiteanna ina bhfuil gá leis an tacaíocht is mó agus go bhfuil an cumas is mó ann chun forbairt inbhuanaithe na pobail tuaithe a chur chun cinn.

Díríodh maoiniú faoin gClár um Fhorbairt Tuaithe (LEADER) don tréimhse 2014-2020 ar na téamaí agus fothéamaí seo a leanas:



Cuireadh in iúl do Straitéis Forbartha Áitiúil Chiarraí ag rannpháirtíocht ghníomhach agus rannpháirtíocht na bpobal tuaithe ar fud an chontae. Tá na cuspóirí atá léirithe ins an straitéis bunaithe ar théamaí agus fothéamaí den chlár. Caithfidh baint a bheith ag gach iarratas le haghaidh maoiniú le ceann de na fothéamaí atá leatha amach thuas.

Cineálacha Cúnaimh ar fáil

Is féidir le tionscadail incháilithe iarratas a dhéanamh ar chúnamh faoi na nithe seo a leanas:

- Caipiteal(trealamh san áireamh)
- Margaíocht
- Oiliúint
- Anailís & Forbairt (staidéir féidearthachta, pleananna forbartha srl.)
- Comhar

Téama 1: Forbairt Gheilleagrach, Forbairt Fiontar & Cruthú Fostaíochta

Díríonn téama a haon ar an dúshlán atá ann forbairt gheilleagrach áitiúil leantach a thiomáint, ina measc éagsúlú den gheilleagar tuaithe, chun deiseanna fostaíochta a chruthú don phobal áitiúil, ag clúdú dóibh siúd as grúpaí faoi mhíbhuntáiste.

Fothéama 1.1: Turasóireacht Tuaithe

Tá turasóireacht tuaithe mar spreagadh do fhiontraíocht agus cruthú fostaíochta. Tá turasóireacht bunaithe ar sócmhainn ar leith a bhíonn sonrach ó thaobh áit don chuid is mó, mar shampla tírdhreach agus stair, agus bíonn poitéinseal suntasach ag baint leis, fiú in áiteanna forimeallacha. Ba chóir do idirghabháil faoin fothéama seo díriú ar ghníomhaíochtaí go bhfuil an poitéinseal ann an áit a dhéanamh níos tarraingteach do chuairoteoirí áitiúla, náisiúnta agus cuairteoirí iasachta.

Samplaí:

- Staidéir féidearthachta chun taighde a dhéanamh ar an bpoitéinseal atá ann in áit ó thaobh turasóireacht
- Tionscnaimh ó thaobh margaíocht agus cruthú moil turasóireachta chun cur chuige il-earnála a éascú
- Gníomhaíochtaí atá bunaithe ar forbairt agus athchóiriú infreastruchtúir go dtí turasóireacht atá bunaithe ar stair agus oidhreacht
- Forbairt d'infreastruchtúr cultúrtha/oidhreachta atá suntasach go háitiúil, agus gníomhaíochtaí agus imeachtaí bunaithe ar na healaíona
- Is féidir le soláthar áiseanna ó thaobh taitneamhacht agus fóillíocht tacú le turasóireacht eachtraíochta /turasóireacht eco-bhunaithe.

Fothéama 1.2: Forbairt Fiontar

Is féidir le LEADER tacú le micreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide. Aithníonn an tuairisc CEDRA (2014), sruthanna éagsúla do fhorbairt fiontar sa todhchaí mar shampla:

- Ceardaí gnóthaí eile bia
- Fuinneamh in-athnuaite
- Éagsúlú ó thaobh mara
- Fiontair sóisialta
- Tionscail cruthaitheachta

Samplaí:

- Ceannachán trealaimh, athchóiriú ar spásanna fiontraíochta, oibreacha caipitiúla, oiliúint speisialaithe, cabhair le margaíocht agus brandáil srl.
- Tacaíocht um infheistiú nó cláracha oiliúna a bhaineann le hearnáil faoi leith do fiontraithe dóchasacha, luath tionscnóirí, fiontair sóisialta, gnólachtaí nuathionscanta agus Gnóthais Bheaga Mheánacha.

- Forbairt ar tacaíocht do ghnóthais chun poitéinseal a aithint maidir leis na grúpaí atá faoi ghannionadaíocht sa bhfiontraíocht-mar shampla mná, daoine óga agus daoine faoi mhíchumas.

Fothéama 1.3: Bailte tuaithe

Tacaíonn an fothéama seo le athghiniúint de bhailte tuaithe tré iad a chur chun tosaigh mar áiteanna tarraingteacha chun cuairt a thabhairt orthu, chun maireachtaint agus chun gnó a dhéanamh. Athbheochan de bhailte tuaithe tré comhordú a dhéanamh ar cur chuige comhtháite ag cur le láidreachtaí eacnamaíochta agus infreastruchtúr na háite maraon le deileáil le na príomh dúshláin do ghnó, do phobal agus áineas.

Samplaí:

- Scéimeanna athnuachana na mBailte ina ndéantar athchóiriú ar foirgnimh in anchaoi agus é mar aidhm ag na scéimeanna seo gnó a mhealladh chuig maoine atá folamh.
- Tógáil nó athchóiriú ar foirgnimh pobail ag cur infreastruchtúr ilfheidhmeach ar fáil do ghníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus spóirtiúla agus do oiliúint don phobal áitiúil.
- Forbairt agus cur chun cinn ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí sóisialta ar leithligh, mar shampla margaí feirmeoirí, ag cur spreagadh tábhachtach ar fáil do bhailte tuaithe
- Tacaíocht do Féilte/Imeachtaí (margaíocht, trealamh, oiliúint srl.)

Ba chóir do thionscadail LEADER sa dúiche seo cur le tacaíochtaí náisiúnta eile do bhailte tuaithe mar shampla Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte.

Fothéama 1.4: Leathanbandach

Tá breis rochtain ar leathanbhanda iontaofa agus leathanbhanda ardluais ríthábhachtach do fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta sna bailte tuaithe agus pobail tuaithe.

Má tá leathanbhanda de hardchaighdeán ann, bíonn gnólachtaí in ann bunú nó leanúint ar aghaidh a bheith lonnaithe i gceantair tuaithe, tríd bacanna a shárú a bhaineann le teacht ar mhargaí agus seirbhísí. Tá poitéinseal ann freisin ó thaobh fostaíocht sa bhreis a chruthú mar gur féidir le teacht ar leathanbhanda tacú le gnólachtaí ó thaobh fás.

Níl sé i gceist sa fothéama seo bonneagar leathanbhanda a chlúdú mar go bhfuil a leithéid clúdaithe faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda. Tacaíonn sé le gníomhaíochtaí áitiúla a dhéanann comhlánú ar tionscnaimh náisiúnta agus é mar aidhm acu siúd forbairt a dhéanamh ar bhonneagar leathanbhanda tuaithe atá cuimsitheach.

Ní féidir maoiniú de bhreis €10,000 a chur ar fáil do threalamh leathanbhanda nó bonneagar leathanbhanda.

Samplaí:

- Oiliúint bhunúsach ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide do ghrúpaí tosaíochta, mar shampla, chun go mbeadh ar chumas daoine breacaosta agus daoine óga fanacht ceangailte
- Forbairt ar scileanna i gcór leathanbandach a shuiteáil
- Staidéir féidearthachta i dtaobh leathanbhanda pobail
- Maoiniú i gcór trealamh mionscála, mar shampla treiseoirí, chun go mbeadh ar chumas gnólachtaí áitiúla teacht ar leathanbandach.

Téama 2: Cuimsiú Sóisialta

Díríonn téama a dó ní ach ar dearcadh ó thaobh forbairt gheilleagrach de ach ina theannta sin i dtaobh cothú maidir le cuimsiú sóisialta. Tá seans ann go ndéanfar eisiamh ar dhaoine agus go ndéanfar imeallú orthu i dtaobh páirt a ghlacadh in imeachtaí atá sa norm do dhaoine eile sa sochaí, mar thoradh ar ioncam neamhleorach agus acmhainní neamhleoracha. I gceantair tuaithe, bíonn níos lú deiseanna fostaíochta agus leibhéil níos lú seirbhísí i gcomparáid le háiteanna uirbeacha, mar thoradh ar, dlús daonra íseal, leibhéil arda imirce amach agus fad ó lárionaid uirbeacha. I gceantair tuaithe, mothaíonn daoine níos measa faoin a dtaithí le heisiamh de bharr leithlisiú fisiceach.

Fothéama 2.1: Soláthar Bunseirbhísí dírithe ar Phobail a bhfuil teacht orthu deacair

Tá sé mar aidhm ag an bhfothéama seo teacht ar bunseirbhísí a fheabhsú do dhaoine atá ina gcónaí i gceantair tuaithe agus iargúlta agus daoine atá i mbaol ó thaobh eisiamh sóisialta. I gcásanna áirithe, seans ann nach raibh an seirbhís ar leith riamh ar fáil sa dúiche nó gur tharraing siar í.

Tugtar tacaíocht do ghníomhaíochtaí agus baint acu le seirbhís nua do phobail a bhunú atá i mbaol eisiamh sóisialta, nó feabhas a chur ar seirbhísí atá ar fáil cheana do phobail agus grúpaí pobail.

I measc samplaí de bhunseirbhísí tá:

- Áiseanna pobail
- Oideachas/oiliúint
- Sóisialta/cultúrtha
- Caitheamh aimsire
- Miondíol neamh-traidisiúnta

Fothéama 2.2: Óige tuaithe (sainmhínithe mar dhaoine idir 15 agus 35 bliana)

Is féidir le cur chun cinn i dtaobh fiontraíocht óige agus oiliúint atá bainteach le sin, cúrsaí a dhéanamh níos fusa do dhaoine óga teacht ar deiseanna eacnamaíochta i gceantair tuaithe. Tá gníomhaíochtaí a fhorbraíonn bonneagar sóisialta i gceantair tuaithe an-thábhachtach ó thaobh deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga chun cabhrú leo a bpoitéinseal a aithint.

Samplaí:

- Soláthar clubanna óige/caiféanna
- Rochtain níos fearr ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
- Spóirt/gníomhaíochtaí caitheamh aimsire
- Tionscadail ealaínbhunaithe
- Cláracha ar forbairt óige

Tá riachtanais éagsúla ag daoine óga freisin, go háirithe dóibh siúd atá leochaileach, i dtaobh na cineálacha seirbhísí go mb'fhéidir go mbeadh gá leo teacht orthu.

Téama 3: Timpeallacht Tuaithe

Díríonn téama a trí ar uasmhéadú a dhéanamh ar an bpoitéinseal atá ag an timpeallacht páirt a ghlacadh i bhforbairt inbhuanaithe de phobail tuaithe. Tá a leithéid bunaithe ar an tírdhreach a úsáid laistigh de cheantar áitiúil, a gnéithe agus acmhainní nádúrtha, agus ag an am céanna aithne níos fear a chruthú i dtaobh na timpeallachta agus feabhas a chur ar chosaint na timpeallachta.

Fothéama 3.1: Caomhnú & Úsáid Inbhuanaithe d'Acmhainní Uisce

Tá sé riachtanach go mbeadh cosaint níos mó ann ar acmhainní áitiúla uisce chun pobail tuaithe a choinneáil. Tá poitéinseal ag scéimeanna timpeallachta chun ról lárnach a thógaint deileáil le brúnna ar cúltaisc uisce agus chun tacú leis an bpobal áitiúil an acmhainn luachmhar seo a chaomhnú.

I measc na gníomhaíochtaí atá maoinithe faoin fothéama seo, b'fhéidir go mbeadh múscailt feasachta ar saincheisteanna caomhnaithe uisce, agus forbairt ar phleananna ar chaomhnú uisce áitiúil agus staidéir féidearthachta

Is eochairghníomh é chomh maith acmhainn an phobail a fhorbairt ar na gnéithe teicniúla de scéimeanna athchúrsála uisce.

Samplaí:

- Tionscnaimh praiticiúla a chaomhnaíonn uisce, mar shampla, cláracha pobail do bhailiú báistí agus úsáid uisce liath i leasachán agus níos níos ginearálta.

Fothéama 3.2: Cosaint & Feabhsú de Bhithéagsúlacht Áitiúil

Tá bithéagsúlacht, a chuimsíonn fiadhúlra nádúrtha, flóra agus fána, mar bhunú tábhachtach do fheidhmiú sláintiúil éiceachórais. Is ábhar imní atá ag dul i méid é cosaint na bithéagsúlachta, le cailteanas de speicis fiadhúlra éagsúla, flóra agus fána maraon lena gnáthóg nádúrtha. I measc na tosca a bhfuil tionchar acu ar bhithéagsúlacht áitiúil tá, fás daonra daonna, ag gearradh rosfhálta agus malairtí in úsáid talún.

I measc na gníomhaíochtaí a chuireann bithéagsúlacht áitiúil chun cinn tá, múscailt feasachta agus treoir phraiticiúil ar chonas bithéagsúlacht a chosaint ar bhonn intíre.

Ina theannta sin, tá seans ann go ndíróidh staidéir féidearthachta agus pleananna gníomhaíochta ar tionscadail níos mórsála a chuireann le agus a dhéanann cosaint ar gnéithe éagsúla de bhithéagsúlacht.

Samplaí:

- Tionscnaimh praiticiúla a thacaíonn le bithéagsúlacht agus feabhsú ar an timpeallacht, mar shampla uasghrádú ar pháirceanna agus siúlóidí cois abhann, bunú conair nádúir, cruthú gnáthóige agus plandáil de speicis shrianta.

Fothéama 3.3: Forbairt de Fhuinneamh In-athnuaite

Tá tionchar timpeallachta níos ísle ar an nádúr ag foinsí glana fuinnimh ná ag teicneolaíochtaí fuinnimh comhghnásacha. Tá sé mar aidhm ag an bhfothéama seo an tionchar atá ag treochtaí timpeallachta úrnua a mhaolú, athrú aeráide san áireamh. Tugtar le tuiscint go mbeidh ról lárnach ag tionscnaimh atá pobalbhunaithe in aithint spriocanna timpeallachta náisiúnta agus spriocanna timpeallachta an Aontais Eorpaigh, go háirithe ó thaobh laghdú i dtaobh astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin tré bonneagar fuinnimh. Ina theannta sin, tá poitéinseal ag teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite deiseanna nua fostaíochta a chruthú i gceantair tuaithe.

I measc na gníomhaíochtaí gur féidir tacú leo tá múscailt feasachta ar cheisteanna timpeallachta agus staidéir féidearthachta a bhaineann le teicneolaíochtaí glasa. Is féidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt acmhainní díriú ar suiteáil agus úsáid teicneolaíochtaí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite.

Samplaí:

- Teicneolaíochtaí a chuireann roghanna eile de fhuinneamh inmharthana ar fáil, mar shampla, téamh bithmhaise, grianchumhacht, feirmeacha gaoithe sna pobail agus córais téimh pobalbhunaithe.

Tionscnamh Bia Ceardaí

Tá ciste de €15 milliún curtha ar fáil freisin chun tacú le tionscnamh bia ceardaí a fheidhmeoidh tré Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta agus tré modheolaíocht LEADER. Tá sé i gceist tacaíocht a chur ar fáil do thograí comhoibríocha agus é mar aidhm acu caighdeán an táirge a fheabhsú, cur le scileanna ábhartha, agus rochtain ar an margadh a fheabhsú.

Oibreoidh sé seo i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus beidh tuilleadh treoir in am trátha.

Gníomhaíochtaí neamh-incháilithe

Ní féidir le cúnamh deontais LEADER a bheith bronnta nó é a íoc i leith na hearnáil seo a leanas:

- Talmhaíocht*
- Iascaigh
- Oibriúcháin comhghnásacha miondíola, gan siopaí pobalbhunaithe agus siopaí feirme ag díol ábhar táirgthe go háitiúil a áireamh.
- Cúrsaí teagaisc nó oiliúna a bhíonn mar pháirt de ghnáth cláracha um oideachas nó córais ag leibhéal tanáisteach nó ardleibhéal. Nóta: Cuimsíonn a leithéid an Dioplóma agus Céim i bhForbairt Tuaithe.
- Iasachtaí
- Caipiteal oibre (stocáil san áireamh)
- Árachas do thionscnóirí tionscadal
- Gairneoireacht (beachaireacht san áireamh)
- Íocaíochtaí do bhronntanais agus tabhartais nó siamsaíocht phearsanta
- Fíneálacha agus pionóis reachtúla, fíneálacha coiriúla agus damáistí
- Speansais dlí i leith dlíthíocht
- Na costais a bhaineann le freastal ar cheanglas reachtach nó ceanglas reachtúil
- Táille Iarratais Phleanála
- CBL Inmhíntírithe
- Feabhsú/Athchóiriú ar réadmhaoin chónaithe phríobháideach
- Tionscadail a bhfuil maoiniú an Aontais Eorpaigh eile acu cheana féin go díreach nó tríd clár náisiúnta
- Mótarfheithiclí coinbhinsiúnacha, ina measc gluaisteáin, feithiclí tionsclaíocha/feithiclí feirme/feithiclí tógála, veaineanna agus busanna
- Oibreacha cothabhála ginearálta ar chomhlachtaí poiblí
- Cúram leanaí
- Cúram sláinte
- Tithe Altranais
- Tithíocht
- Tionscail chapall rása agus chapall spóirt
- Tionscail na gcúnna

**Caithfidh Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chiarraí fáil amach ar dtús má tá an gníomh/ainmhí clúdaithe cheana faoi aon scéim reatha nó caite den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.*

Ina theannta sin, muna gcáilíonn an gníomh do mhaoiniú den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ní chiallaíonn sin go gcáileoidh sé do mhaoiniú de chuid LEADER mar d'fhéadfadh sé a bheith measta go bhfuil an phríomhghníomhaíocht bainteach le talmhaíocht, m.sh. feirmeoireacht gabhair, táirgeadh circeola, toradh, gairdíní margaidh de mhionscála srl.

Roinn 2 – Rialacha den Chlár um fhorbairt tuaithe (LEADER) 2014-2020

Cúnamh Deontais- Suimeanna & Rátaí

Is é €1250 an t-íosmhéid deontais.

Téama	Fothéama	Ráta Céatadánach Cúnaimh	Uasluach Cúnaimh*
Forbairt Gheilleagrach, Forbairt Fiontar agus Cruthú Fostaíochta	Turasóireacht Tuaithe Anailís & Forbairt**	Suas go huasmhéid de Tionscnóir Príobháideach: 50% Tionscnóir Tuaithe: 75% Tionscnóir Príobháideach : 75% Tionscnóir Tuaithe : 90%	€200,000 €30,000
	Forbairt Fiontar Anailís & Forbairt	Suas go huasmhéid de Tionscnóir Príobháideach: 50% Tionscnóir Tuaithe: 75% Tionscnóir Príobháideach: 75% Tionscnóir Tuaithe: 90%	€200,000 €30,000
	Bailte tuaithe Anailís & Forbairt	Suas go huasmhéid de Tionscnóir Príobháideach: 50% Tionscnóir Tuaithe: 75% Tionscnóir Príobháideach: 75% Tionscnóir Tuaithe: 90%	€200,000 €30,000
	Leathanbhandach Anailís & Forbairt	Suas go huasmhéid de Tionscnóir Príobháideach: 50% Tionscnóir Tuaithe: 75% Tionscnóir Príobháideach: 75% Tionscnóir Tuaithe: 90%	€200,000 €30,000
Cuimsiú Sóisialta	Bunseirbhísí dírithe ar Phobail a bhfuil teacht orthu deacair Anailís & Forbairt	Suas go huasmhéid de Tionscnóir Príobháideach: 50% Tionscnóir Tuaithe: 90% Tionscnóir Príobháideach: 75% Tionscnóir Tuaithe: 90%	€200,000 (€500,000 sa chás nach bhfuil aon ghníomhaíocht gheilleagrach) €30,000
	Óige Tuaithe Anailís & Forbairt	Suas go huasmhéid de Tionscnóir Príobháideach: 50% Tionscnóir Tuaithe: 75% Tionscnóir Príobháideach: 75% Tionscnóir Tuaithe: 90%	€200,000 (€500,000 sa chás nach bhfuil aon ghníomhaíocht gheilleagrach) €30,000
Timpeallacht Tuaithe	Caomhnú agus Úsáid Inbhuanaithe d'Acmhainní Uisce Anailís & Forbairt	Suas go huasmhéid de Tionscnóir Príobháideach: 50% Tionscnóir Tuaithe: 75% Tionscnóir Príobháideach: 75% Tionscnóir Tuaithe: 90%	€200,000 (€500,000 sa chás nach bhfuil aon ghníomhaíocht gheilleagrach) €30,000
	Cosaint agus Feabhsú de Bhithéagsúlacht Anailís & Forbairt	Suas go huasmhéid de Tionscnóir Príobháideach: 50% Tionscnóir Tuaithe: 75% Tionscnóir Príobháideach: 75% Tionscnóir Tuaithe: 90%	€200,000 (€500,000 sa chás nach bhfuil aon ghníomhaíocht gheilleagrach) €30,000
	Forbairt de Fhuinneamh In-athnuaite Anailís & Forbairt	Suas go huasmhéid de Tionscnóir Príobháideach: 50% Tionscnóir Tuaithe: 75% Tionscnóir Príobháideach: 75% Tionscnóir Tuaithe: 90%	€200,000) €30,000

**Baineann tairseacha státchabhair/de-minimis de €200,000 leis nuair atá aon saghas gníomhaíocht gheilleagrach ag baint leis an tionscadal.*

*** Clúdaíonn Anailís & Forbairt míreanna ar nós staidéir féidearthachta, pleananna forbartha agus forbairt ar tháirgí fréamhshamlacha*

Riachtanais Státchabhair/De-minimis

Aithnítear maoiniú stáit mar státchabhair (cúnamh De-Minimis) nuair atá úsáid bainte as chun cabhair a thabhairt, sin cabhair a thugann aonán, mar shampla fiontar, eagraíocht sheachbhrabúsach, nó duine aonair, buntáiste thar daoine eile. Ní bhaineann rialacha maidir leis an státchabhair ach le tionscadail go bhfuil baint acu le gníomhaíocht gheilleagrach go ginearálta, is cuma cén foirm dlí atá ann nó conas a dhéantar maoiniú air nó an bhfuil brabús ag baint leis nó nach bhfuil.

Déanfar measúnú ar ghach tionscadal bainteach le gníomhaíocht gheilleagrach i dtaobh státchabhair agus an bhfuair an tionscnóir státchabhair cheana féin. Ní dhéanfar measúnú ar thionscadal maidir le cúnamh deontais go dtí go bhfuil soiléiriú ann nach ardóidh an cúnamh seo an suim iomlán den chúnamh de-minimis faighte ó fhoinsí pobail i rith an tréimhse trí bliana os cionn an buaicphraghas de **€200,000**. Má tá comhlacht mar pháirt de ghrúpa, baineann an teorainn de €200,000 leis an ngrúpa ansan, m.sh. gnóthais gaolmhara.

Tugtar cúnamh de-minimis ar scéimeanna **talmhaíochta** áirithe faoi stiúir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is féidir leat liosta de na scéimeanna seo a lorg ó do Oifigeach Forbartha Tuaithe, agus cad iad na impleachtaí atá ag a leithéid i dtaobh do thionscadal.

Sampla:

Má gheofar iarratas ó thionscnóir ar dáta idir 01 Eanáir agus 31 Nollaig 2016, déanfar measúnú ar gach ceann de na trí bliana fioscacha* roimhe, an bhliain reatha san áireamh, i.e. 2016, 2015, agus 2014. Is é an dáta a dhéanfar an cinneadh maoiniú a bhronnadh an eochairdháta, ní hé dáta íocaíochta na scéime.

* Is é atá i gceist le bliain fhioscach ná tréimhse chuntasaíochta de 365(6) lá nach gá comhfhreagairt do bhliain féilire ag tosnú ar an 1ú Eanáir. Is í an bhliain fhioscach ná an tréimhse ama ina thosnaíonn agus ina gcríochnaíonn taifid airgeadais (bliantúil) de chuid eagraíocht.

Seiceáil státchabhair

Má tá baint ag tionscadal le gníomhaíocht gheilleagrach caithfidh an tionscnóir a rá ansin an bhfuil sé/sí tar éis státchabhair a fháil nó nach bhfuil. I gcás go bhfuil an tionscnóir tar éis státchabhair a fháil, caithfidh sé/sí méid an státchabhair sin a chur in iúl, agus na dátaí go bhfuair é agus dearbhú a shíniú dá réir sin.

Cistí Meaitseáil Tionscadail/ Comhchistiú

Ní féidir le LEADER ach cuid de na cistí atá de dhíth chun tionscadal a chur ar fáil, a chur ar fáil-cistiú meaitseála a thugtar ar an maoiniú breise atá ag teastáil chun gach costas a bhaineann leis an tionscadal a shásamh. Is féidir cistiú meaitseála do thionscadail LEADER, nuair is gá leis, a fháil ó chistiú meaitseála príobháideach nó chistiú meaitseála poiblí (Níl cistiú meaitseála poiblí ceadaithe ach amháin i gcásanna ina gcuireann grúpaí pobail /eagraíochtaí pobail iarratais isteach).

Cistiú meaitseála príobháideach

Tagraíonn cistiú meaitseála príobháideach do:

- Ranníocaíocht in airgead tirim ó thionscnóir-ag teastáil ó ghach tionscadal seachas nuair a thugann LEADER maoiniú ag ráta 100% i gcór oiliúint.
- Sochar/deonachán comhchineáil-oiriúnach do thionscadail faoi stiúir an phobail amháin le tionscadail éagsúlú feirme mar eisceacht ina nglacfar le saothar mar shocar comhchineáil. (Féach ar cuid 'Deonachán comhchineáil'.

Cistiú meaitseála poiblí

Tagraíonn cistiú meaitseála poiblí do foinsí cistiúcháin eile neamh-AE. Ní bheidh comhchistiú le haon ciste eile an AE i gceist le caiteachas faoin gClár um fhorbairt tuaithe. Mar sin ní féidir cistiú meaitseála ó fhoinsí eile an AE a úsáid mar chistiú meaitseála nó chun comhchistiú a dhéanamh ar thionscadail LEADER. Caithfear deimhniú a fháil nach ó chistí eile an AE é chun a chinntiú nach dtarlóidh cistiú faoi dhó. Caithfear an cistiú poiblí breise seo a chur san áireamh nuair atá an méid stáitchabhair a chuirtear ar fáil don iarratasóir á ríomh, má thá siad clúdaithe faoin riail de-minimis nó muna bhfuil. Tá comhchistiú ceadaithe faoi réir na coinníollacha seo a leanas:

- Níl ach iarratais a chuireann comhlachtaí comhphobail isteach i dteideal.
- Ní théann an leibhéal san iomlán de chistiú poiblí thar 95% de chostais iomláin incháilithe tionscadail.
- Caithfear go mbeadh ranníocaíocht **in airgead tirim** de híoslúach de ar a laghad 5% de chostais iomláin incháilithe.
- Tá sé deimhnithe nach bhfuil an cistiú seo ó fhoinsí AE eile.
- Caithfidh nach mbeidh na comhlachtaí poiblí atá ag cur na cistí comhfhreagracha ar fáil ina iarratasóir tionscadail nó tairbhí.

Fianaise de Chistiú Meaitseála / Maoiniú Idirlinne

Caithfidh an tionscnóir tionscadail fianaise a chur ar fáil den chistiú meaitseála príobháideach atá ag teastáil m.sh. coigilteas, iasacht srl. agus cistiú meaitseála poiblí más cuí. Caithfidh an tionscnóir a

chinntiú freisin go bhfuil maoiniú idirlinne socraithe chun an tionscadal a thabhairt. Is féidir a bheith i gceist le maoiniú idirlinne ná iasacht bhainc, iasacht ó Clann Credo srl. agus caithfear fianaise de seo a thaispeáint.

San áit ina bhfuil íocaíocht chéimnithe*aontaithe, caithfear fianaise de 20% de chostais iomláin tionscadail a thaispeáint. Má theipeann ar dream an tionscadal a chríochnú tógfar thar n-ais gach íocaíocht chéimnithe a fuaireadh.

* Íocaíochtaí chéimnithe:

Is féidir Cúnamh deontais a íoc le tionscnóirí in íocaíochtaí chéimnithe nuair is féidir a thaispeáint go raibh sé riachtanach do chríochnú éifeachtúil agus éifeachtach an tionscadail. Is é €1,000 an íosmhéid atá i gceist le híocaíocht chéimnithe. Ní féidir leis an gcéad íocaíocht chéimnithe a bheith íoctha go dtí go bhfuil ar a laghad 20% de chostais iomláin incháilithe tabhaithe ag an tionscnóir. Ní féidir níos mó ná 5 íocaíochtaí a thabhairt do aon tionscadal. Caithfear gach íocaíocht chéimnithe a thógaint ar ais muna bhfuil an tionscadal críochnaithe ina dhiaidh sin.

Deonachán Comhchineáil

Is féidir le Deonachán comhchineáil a bheith sásúil mar fhoinsé chistiú meaitseála príobháideach. Tá sé incháilithe do thionscadail faoi stiúir an phobail agus do thionscadail éagsúlú feirme amháin (i gcás tionscadail éagsúlú feirme níl tabhartais ó thaobh talún de infheidhmithe). Ní hionann tabhartais agus líon iomlán de chistiú meaitseála poiblí-caithfidh ar a laghad 5% de chostais iomláin incháilithe a bheith i gcaiteachas iarbhir. Caithfidh an luach sannta leis na tabhartais a bheith curtha san áireamh leis an iarratas le haghaidh tacaíocht.

Tá Deonachán comhchineáil i bhfoirm soláthar oibreach, earraí, seirbhísí, talún agus eastát réadach nach bhfuil aon íocaíocht airgid le tacaíocht ó sonraisc, nó doiciméid de luach fianaiseach, déanta fós ina leith, incháilithe má:

- a) Níl an cistiú LEADER níos mó ná costais iomlán incháilithe tionscadail, gan deonachán comhchineáil a áireamh, agus an ranníocaíocht in airgead tirim de 5%.
- b) Níl an luach a tugadh don deonachán comhchineáil níos mó ná costas margaidh na hoibreacha, earraí, seirbhísí nó talún agus eastát réadach i gceist.
- c) Tá an luach agus socrú den deonachán comhchineáil tar éis a bheith measúnaithe go neamhspleách agus deimhnithe.

Tabhartas Talaimh /Eastát Réadach

I gcás soláthar talaimh nó eastát réadach, is féidir íocaíocht airgid a dhéanamh, i gcóir conradh léasa de mhéid ainmniúil in aghaidh na bliana gan níos mó ná €1.

Caithfidh luach an léas deonaithe a bheith deimhnithe ag saineolaí cáilithe atá neamhspleách roimh faomhadh an tionscadail. Má bhaintear úsáid cheana as luach an tabhartais i dtionscadal roimhe, ansin ní féidir é a úsáid arís. Má bhaintear úsáid cheana as cuid de luach an téarma léasa do thionscadal roimhe, caithfidh luach an téarma a úsáideadh a bheith imithe as feidhm sular féidir an téarma atá fágtha sa léas a thabhairt do aon tionscadal nua.

Caithfidh an talamh a bheith bronnta tráth nach luaithe ná 2 bhliain roimh dáta an feidhmiúcháin cistithe.

Saothar Deonach

I gcás deonachán comhchineáil i bhfoirm obair gan íocaíocht (saothar deonach), caithfidh luach na hoibre sin agus an ráta a chuireadh i bhfeidhm a bheith seasta le san iarratas. Is é €14 an ráta is airde ceadaithe san uair. Níl riarachán tionscadal agus costais bhainistíochta incháilithe mar shaothar deonach.

Beidh feidhm ag na riachtanais seo a leanas:

- Caithfidh an líon iomlán atá le héileamh do saothar deonach nó tabhartais a bheith san áireamh san iarratas agus aontaithe roimh faomhadh an tionscadail.
- Is féidir le hionchuir a bheith san áireamh faoi saothar deonach trí obair a rinneadh agus/nó maoirseacht srl ag daoine atá cáilithe go cuí. Sa chomhthéacs seo, ní mór do aon chomhaontú maidir le obair dheonach na nithe seo a leanas a chur san áireamh:
 - ainmneacha na ndaoine sin atá ag tabhairt an saothar deonach
 - a ngaol leis an iarratasóir
 - cineál, am, cainníocht agus costas cinntitheach na ranníocaíochta
 - na cáilíochtaí a chumasaíonn dóibh an ranníoc sin a dhéanamh, i.e. a trádáil nó gairm, (m.sh. innealtóir, ailtire, leictreoir, pluiméir, srl.)

Ní féidir costais theagmhasacha a áireamh i gcostais an saothar deonach.

- Ní mór don iarratasóir bileoga ama do shaothar deonach a chomhlánú agus a thabhairt don ghníomhaireacht chistiúcháin. Ba chóir go mbeadh sonraí ann maidir leis na dátaí ábhartha, uaireanta oibrithe, agus gníomhaíochtaí a rinne gach oibrí deonach gan phá agus ní mór dóibh a bheith deimhnithe ag tríú páirtí cáilithe go cuí, m.sh. Innealtóir, Suirbhéir Cainníochta nó Cuntasóir.
- Beidh saothar deonach agus tabhartais nár ceadaíodh roimh ré neamh-incháilithe.

I gcás tionscadal a bhaineann le luach dheonachán léasa nó maoine mar chistiú meaitseála, úsáidtear an roinn chuí de luach an tabhartais chun méideanna éileamh do íocaíocht chéime a ríomh. Mar shampla má tá 50% de na costais a gearradh sa sonrasc tabhaithe, ansin is féidir 50% de luach an tabhartais a úsáid freisin ar an méid éilimh a ríomh.

Sampla de úsáid a bhaint as Deonachán Comhchineáil

1	Iomlán na sonrasc go léir	€100,000
2	Iomlán na ranníocaíochta comhchineáil (saothar deonach/talamh/eastát réadach/trealamh srl.)	€65,000
3	Costas iomlán an tionscadail (Sum of 1 + 2)	€165,000
4	Íosmhéid ranníocaíocht airgid 5% a bhunú	$€165,000 \times 5\% = \mathbf{€8,250}$
5	Uasmaoiniú LEADER: 3-(4+2) (cannot exceed 75% of 3)	$€165,000 - (€8,250 + €65,000) = \mathbf{€91,750}$
6	% Ráta cúnaimh: $5 \div 3 \times 100$ (ní féidir dul thar 75% de 3)	$€91,750 \div €165,000 \times 100 = \mathbf{55\%}$

Ceannach talaimh

Is féidir le ceannach talaimh le no gan foirgnimh a bheith incháilithe ar choinníoll nach bhfuil costas an talaimh níos mó ná 10% de chaitechas incháilithe iomlán an tionscadail.

Maidir le láithreáin thréigthe agus dóibh siúd a bhíodh in úsáid thionsclaíoch ina bhfuil foirgnimh cuimsithe, féadfar an teorainn sin a mhéadú go dtí 15%.

Beidh an fhianaise seo a leanas ag teastáil:

- Deimhniú dlíthiúil úinéireachta (i.e. Gníomhais teidil)
- Cóip den chonradh díolacháin tar éis don Comhaontú a bheith sínithe.

A	Costais cheannaithe talún	€10,000
B	Costais incháilithe eile (gan costais cheannaithe talún a áireamh) (íos 90% de chostais incháilithe iomlána)	€40,000
C	Costas iomlán an tionscadail (A & B)	€50,000
D	10% costais cheannaithe talún incháilithe (B ÷ 9)	$€40,000 \div 9 = \mathbf{€4,444}$

E	Costais incháilithe iomlána (B & D)	€40,000 + €4,444 = €44,444
F	Costais talún nach bhfuil incháilithe (A – D)	€10,000 - €4,444 = €5,556
G	Maoiniú LEADER (50% de E)	€44,444 x 50% = €22,222

Fianaise den Teideal / Léasacht

Caithfear fianaise den Teideal/Léasacht i leith tionscadail chaipitil a bhaineann le talamh a chur isteach leis an iarratas, m.sh. láithreáin tógála foirgnimh/athchóiriú, daingneáin, bealaí tráchta, srl. Ní mór do aon léas a chuireadh ar fáil:

- A bheith sínithe ag léasóir agus léasaí araon (tionscnóir)
- An dá sínithe a bheith feicithe
- A bheith in éineacht le léarscáil ag léiriú an talamh
- Téarma (fad) an léasa a leagadh amach (ní mór dó a bheith ar feadh tréimhse nach giorra ná cúig bliana ó dháta na híocaíochta deiridh chuig an tionscnóir nó ar feadh téarma nach giorra ná téarma an chonartha, cibé acu is mó).

Sa chás nach féidir léas foirmiúil a fháil, déanfaidh doiciméad dlíthiúil a fhógraíonn go bhfuil cead ag an tionscnóir tionscadail na gníomhaíochtaí tionscadail a chur i gcrích an bheart (**ar a laghad ar feadh tréimhse 5 bliana** tar éis dáta na híocaíochta deiridh ar an tionscadal).

Ní mór don doiciméadú seo a bheith fianaithe ag aturnae, sínithe ag duine nó ag an gcomhlacht aitheanta mar an duine nó an comhlacht atá i gceannas ar an maoín.

Ní mór don aturnae a fhíorú go bhfuil an duine atá ag léasú an mhaoín i gceannas ar an maoín agus ní mór dó/di a bheith mar fhinné ar an doiciméad seo.

Ní féidir leis an tsócmhainn a chumhdaítear leis an doiciméad seo a úsáid mar deonachán comhchineáil.

Féadfaidh litir thairisceana a bheith eisithe faoi réir shíniú comhaontú léasa, ní mór na sonraí go léir atá ag baint leis an léas, lena n-áirítear a chostas, a chur ar fáil mar chuid den iarratas tionscadail áfach.

Trealamh Athlámhe

Tá ceannach trealamh athlámhe incháilithe faoin gclár. Beidh an fhianaise seo a leanas ag teastáil:

- Ní mór do dhíoltóir an trealamh dearbhú i scríbhinn a thabhairt ag deimhniú cá as a tháinig an trealamh agus nár cheannaíodh an trealamh le cistí náisiúnta nó AE ins an tréimhse seacht mbliana roimhe sin.
- Nach dtéann praghas ar an trealamh thar a luach margaidh agus go bhfuil sé níos lú ná costas trealamh nua den chineál céanna (ní mór fianaise luachana do threalamh nua den chineál céanna a chur ar fáil)
- Go bhfuil an trealamh sásúil maidir le sonraíocht theicniúil atá ag teastáil don tionscadal agus go néiríonn leis an trealamh noirm agus caighdeáin infheidhmithe a bhaint amach

Luachana/ Tairiscintí

Caithfear luachana/tairiscintí a fháil do ghach mír caiteachais dá bhfuil cúnamh deontais á lorg. Caithfidh luachana a bheith sínithe agus dátaithe agus ní mór an eilimint CBL a thaispeáint ar leithligh. Glacfar le luachana a chuirtear isteach go leictreonach suas go dtí na tairseacha ábhartha, lena bhfuil eolas dáta agus foinse atá inaitheanta go soiléir ag gabháil leo.

Ní mór a chinneadh ar dtús má tá an ina Údarás Conarthach nó Údarás Neamh-Conarthach agus ní mór fianaise dhoiciméadach a fháil chun tacú le seo. Is Údarás Conarthach ann ná stat, údarás réigiúnach nó áitiúil nó comhlacht arna rialú faoi dlí poiblí.

Do hÚdaráis Chonarthacha:

Ní mór d'údaráis chonarthacha na Treoirlínte Náisiúnta um Sholáthar Poiblí a leanúint. Is é seo a leanas an riachtanas tairisceana d'Údaráis Chonarthacha:

ÚDARÁIS CHONARTHACHA			
Soláthairtí & Seirbhísí		Oibreacha	
€0 - €25,000	Íosmhéid de 3 luachana scríofa– Glacfar le e-phoist.	€0 - €50,000	Íosmhéid de 5 luachana scríofa nó fógair ar ríomhthairiscintí do ar a laghad 21 lá.
€25,000 – Tairseach an AE (l láthair na huaire €135,000)	Fógair ar ríomhthairiscintí (www.etenders.gov.ie) do ar a laghad 21 lá. (Fógra neamh-an IOAE)	€50,000 – Tairseach an AE (l láthair na huaire €5,225,000)	Fógair ar ríomhthairiscintí (www.etenders.gov.ie) do ar a laghad 21 lá. (Fógra neamh-an IOAE)
Os cionn Tairseach an AE	Fógair ar ríomhthairiscintí (www.etenders.gov.ie) do ar a laghad 21 lá. (Fógra an IOAE)	Os cionn Tairseach an AE	Fógair ar ríomhthairiscintí (www.etenders.gov.ie) do ar a laghad 21 lá. (Fógra an IOAE)

Do hÚdaráis Neamh-Conarthacha:

Ní mór d'Údaráis Neamh-chonarthacha na riachtanais tairisceana seo a leanas a chomhlíonadh:

ÚDARÁIS NEAMH-CHONARTHACHA

Soláthairtí & Seirbhísí		Oibreacha	
		€0 - €4,999	Íosmhéid de 3 luachana scríofa– Glacfar le e-phoist.
€0 - €25,000	Íosmhéid de 3 luachana scríofa– Glacfar le e-phoist.	€5,000 - €50,000	Íosmhéid de 5 luachana scríofa <u>nó</u> fógair ar ríomhthairiscintí do ar a laghad 21 lá.
Os cionn €25,000	Fógair ar ríomhthairiscintí (www.etenders.gov.ie) do ar a laghad 21 lá.	Os cionn €50,000	Fógair ar ríomhthairiscintí (www.etenders.gov.ie) do ar a laghad 21 lá.

Sa chás nach féidir an líon riachtanach luachana a fháil, tá fianaise i scríbhinn (i.e. iarratais fhoirmiúla scríofa ón tionscnóir chuig soláthróirí /conraitheoirí ionchasacha) riachtanach chun a léiriú go lorgaíodh an líon riachtanach luachana.

Sa chás ina gcuirtear tairiscint ar shuíomh gréasáin do ríomhthairiscintí caithfidh an iarratasóir an méid seo a leanas a thaispeáint:

- Cuirtear na critéir dhámhachtana agus a n-ualú agus an sonraíocht tairisceana in iúl ins an fógra conartha/tairisceana.
- Rinneadh comparáid idir na tairiscintí uilig ag baint úsáid as córas scórála nó bileog mharcála a léiríonn go soiléir na critéir ualaithe a chuireadh i bhfeidhm agus gur measadh gach tairiscint de réir na gcritéir céanna.
- Tugtar aghaidh ar aon choinbhleacht leasa.
- Tá an taithí agus saineolas ábhartha ag an tairgeoir rathúil chun aon oibreacha agus seirbhísí a dhéanamh (m.sh. fianaise de thaithí sásúil de ar a laghad trí conarthaí comhchosúla ar scála agus castacht inchomparáide)
- Tá an tairgeoir rathúil slán maidir le hairgead de.
- Tá an tairgeoir rathúil roghnaithe ar bhonn fiúntais trí thagairt do chritéir leagtha amach agus ar aon dul leis na rialacha nós imeachta leagtha amach ag tús an phróisis.
- Ní tharlaíonn idirbheartaíocht iar-tairisceana (i.e. aon dialóg a d'fhéadfaí a fhorléiriú mar 'idirbheartaíocht iar-tairisceana maidir le praghas nó athruithe suntasacha ar an iarraidh tairisceana foilsithe a bheith de thoradh ar sin).

Sa chás go bhfuil níos lú ná 3 freagraí/tairiscintí leis an próiseas ríomhthairiscintí, ní mór don tionscnóir na céimeanna breise a thógadh a léiriú chun a chinntiú go bhfuil na costais tionscadail réasúnta, m.sh. fianaise de chostas na n-oibreacha den chineál céanna agus seirbhísí in áiteanna eile.

Beidh an liosta seo a leanas de rudaí ag teastáil i gcás soláthar poiblí a bheith déanta:

- Iarratas ar thairiscint
- Fianaise ar Foilsíú
- Freagraí ar na hiarratais ar thairiscint sin
- Bileoga tairisceana scórála a úsáideadh agus fianaise chun tacú leis an fáth gur roghnaíodh an tairgeoir rathúil.
- Cóipeanna de litreacha ag cur in iúl do thairgeoirí nach raibh rathúil faoi thoradh an phróisis tairisceana.
- Cóip den litir ag cur in iúl don tairgeoir rathúil faoin toradh.

Nuair a bhaineann tionscadal le hoibreacha foirgníochta ní mór do thionscnóirí cloí leis na ceanglais ar www.constructionprocurement.gov.ie

Tá na treoirlínte a bheidh le leanúint i dtaobh soláthar poiblí ar fáil ar shuíomh gréasáin do ríomhthairiscintí www.etenders.gov.ie agus www.procurement.ie.

Ba chóir do thionscnóirí tionscadail a éilíonn cúnamh i ndáil le soláthar poiblí dul i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais ag:

<http://www.procurement.ie/contact-us>

Fón: 076 100 8000

R-phost: support@ogp.gov.ie

R-phost: construction@per.gov.ie

Ní féidir béim níos mó a chur ar an tábhacht a bhaineann le nósanna imeachta cearta um sholáthar a leanúint do mhaoiniú LEADER.

Riachtanais ó thaobh poiblíocht

Ní mór do thionscnóirí aitheantas a thabhairt don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus béim a chur orthu do a dtionscadail.

- I gcás go bhfuil an tacaíocht iomlán phoiblí do thionscadal níos mó ná €10,000: Ní mór **póstaer** amháin ar a laghad a bheith ar taispeáint in áit fheiceálach le heolas faoin oibríocht (íosmhéid A3), ag cur béime ar an tacaíocht airgeadais ó LEADER.
- I gcás go bhfuil an tacaíocht iomlán phoiblí do thionscadal níos mó ná €50,000: Ní mór plaic míniúcháin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach le heolas faoin tionscadal, ag cur béime ar an tacaíocht airgeadais ó LEADER.
- I gcás go bhfuil an tacaíocht iomlán phoiblí do thionscadal níos mó ná €100,000 beidh sonraí faoi na riachtanais phoiblíochta san áireamh sa Litir Thairisceana.

Ní mór cur síos ar an tionscadal nó oibríocht arna mhaoiniú a bheith ar phóstaer, plaiceanna agus leathanaigh ghréasáin.

Caithfidh an t-eolas sin a bheith ar ar a laghad 25% den phóstaer, plaic nó leathanach gréasáin. Lena chois sin, ní mór an póstaer, plaic, agus leathanach gréasáin a bheith i nGaeilge agus i mBéarla.

Foilseacháin

Ní mór do fhoilseacháin (m.sh. leabhráin, bileoga eolais, nuachtlitreacha, tuairiscí) agus póstaer faoi bhearta agus gníomhaíochtaí arna maoiniú ag LEADER a chur in iúl go soiléir faoi ranníocaíocht an cláir agus an AE.

Ní mór lógó an AE a chur ar taispeáint mar aon le míniú ar ról an AE de réir an ráiteas seo a leanas “An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe: An Eoraip ag infheistiú i gceantair thuaithe”.

Ní mór na lógónna seo a leanas a thaispeáint freisin:

- Páirtneracht Forbatha Chiarraí Theas Teo
- Clár um Fhorbairt Tuaithe (LEADER)
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
- Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chiarraí
- Comhairle Contae Chiarraí

Mar aon leis an méid thuas, ní mór an téacs seo a leanas a chur san áireamh chomh maith:

- *‘Tugtar cómhaoiniú don tionscadal seo faoi Chlár um Fhorbairt Tuaithe an AE (LEADER), curtha i bhfeidhm sa cheantar seo ag Páirtneracht Forbatha Chiarraí Theas Teo’.*

Suíomhanna gréasáin

Caithfidh na sé lógónna a bheith laistigh de na suíomhanna gréasáin (mar fhoilseacháin) agus:

- Luaigh ranníocaíocht den Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ar a laghad ar an leathanach baile.

- Cur isteach hipearnasc chuig suíomh gréasáin an Choimisiúin maidir leis An Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.
- Cur isteach hipearnasc chuig An Roinn (ag úsáid Lógó DAHRRGA) www.ahrrga.gov.ie

Foilsiú Tairbhithe

Is féidir sonraí na dtairbhithe ó thaobh Clár Forbartha Tuaithe (LEADER) a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne. I measc na sonraí beidh ainm an tionscnóir tionscadail/tairbhí, an baile ina bhfuil cónaí ar an tairbhí nó ina bhfuil sé/sí cláraithe

(lena n-áirítear postchód má tá sé ar fáil) agus an méid iomlán maoiniú poiblí a fhaightear.

Árachas

Ní bheidh an tAire ná aon oifigeach de chuid na Roinne, an LAG nó an duine a chuireann an clár i bhfeidhm faoi dhlitheanas ar bhealach ar bith do aon damáiste, caillteanas nó díobhála do dhuine, ainmhithe nó maoin i gcás aon teagmhas a bhaineann le tógáil atá maoinithe ag LEADER nó gníomhaíochtaí eile.

Déanfaidh an Tionscnóir slánú go hiomlán leis an Aire nó aon oifigeach de chuid na Roinne, Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta nó duine a chuireann an clár i bhfeidhm i ndáil le haon damáiste, caillteanas nó díobháil cibé slí a tharlaíonn a leithéid le linn na n-oibreacha forbartha nó gníomhaíochtaí eile.

Féach ar Roinn 3 den doiciméad seo don fhoclaíocht chuí.

Sa chás go bhfuil tógáil á dhéanamh ag conraitheoir, ní mór don tionscnóir a chinntiú go bhfuil clúdach árachais cuí i bhfeidhm ag an gconraitheoir nó fochonraitheoir, m.sh. árachas fostóra agus árachas dliteanais phoiblí, i gcás aon díobháil, caillteanas, damáiste nó míthapa a tharlaíonn. Ní mór don Tionscnóir slánaíocht scríofa oiriúnach a fháil ó aon chonraitheoir nó fochonraitheoir i ndáil le haon damáiste nó díobháil nó caillteanas eile a d'fhéadfadh tarlú le linn na n-oibreacha forbartha agus, más gá, comhairle árachais ghairmiúil a lorg ó bhróicéir árachais nó cuideachta árachais.

Caithfidh Tionscnóirí a bheith eolach ar forálacha An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, Rialachán Tógála um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2006 agus rialacháin ábhartha eile.

Comhlíonadh Cánach

CBL

Is é an seasamh réamhshocráithe ná go bhfuil gach tionscnóir cláraithe le haghaidh CBL. Más rud é nach bhfuil siad cláraithe, caithfear dearbhú i scríbhinn a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim ag am an iarratais agus roimh gach íocaíocht a dhéanamh nach bhfuil an tionscnóir cláraithe do CBL.

Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach

Ní mór cúrsaí cánach a bheith in ord ag Tionscnóirí Tionscadail agus soláthróirí nó conraitheoirí. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh más rud é nach féidir fianaise de chomhlíonadh cánach a chur ar fáil nuair atá an obair críochnaithe nó ag an gcéim íocaíochta.

Caithfear fianaise de Imréitigh Cánach reatha do sholáthraithe a chur ar fáil le haghaidh íocaíochtaí atá níos mó ná €10,000 (CBL san áireamh) ar feadh tréimhse an tionscadail ag tráth na híocaíochta. Tá an tairseach seo €650 d'oibríochtaí foirgníochta. Toisc nach bhfuil aon dáta éaga ar leith ar an Imréiteach e-Cánach ar líne, beidh deimhniú ag teastáil gach uair a dhéantar íocaíocht le soláthraí.

Soláthraithe/conraitheoirí neamhchónaitheach

Ní mór do sholáthraithe/conraitheoirí neamhchónaitheach Deimhniú Imréitigh Cánach Éireannach a chur ar fáil chomh maith. Tá tuilleadh treorach maidir le hImréiteach Cánach do neamhchónaitheoirí ar fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag <http://www.revenue.ie/en/business/running/tax->

[clearance.html](#). Beidh íocaíochtaí le soláthraithe neamhchónaitheacha nó conraitheoirí, neamh-incháilithe, muna bhfuil siad tar éis fianaise de Dheimhniú Imréitigh Cánach bailí a chur ar fáil agus ní mór don Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta de-tiomantas a dhéanamh ar na híocaíochtaí sin agus an méid iomchuí a aisíoc leis an Roinn.

ROINN 3 – Próiseas Iarratais don Chlár um Fhorbairt Tuaithe (LEADER) 2014-2020

Glaonna Spriocdhírithe do Iarratais

Glacfaidh an Clár um Fhorbairt Tuaithe (LEADER) 2014-2020 i gCiarraí le hiarratais ar mhaoiniú ar bhonn 'Glaonna Spriocdhírithe do Iarratais Teoranta ó Thaobh Ama'.

Beidh na glaonna spriocdhírithe scaipithe ar fud na téamaí/fo-théamaí go léir. Táthar ag súil go mbeidh dhá bhloc glaonna gach bliain ó 2017-2020. Beidh an Glaoch ar Iarratais á phoibliú go forleathan trí láithreáin ghréasáin na comhpháirtithe cur chun feidhme, cruinnithe eolais agus sna meáin áitiúla.

Is í an chéim Léiriú Spéise an chéad céim i nglaoch spriocdhírithe do iarratais ionas gur féidir iarratasóirí féideartha a aithint agus chun a chinntiú gur féidir tacaíocht a thabhairt do ghach iarratasóir féideartha maidir le hiarratas a fhorbairt. Úsáidfear an chéim Léiriú Spéise chun Incháilitheacht de tionscadail a chinneadh i ndáil le rialacha an chlár. Ní dhéanfar aon chinneadh glacadh le tionscadal nó tionscadal a dhiúltú ar bhonn Léiriú Spéise. Beidh an chéim Léiriú Spéise le leanúint ag Glao iomlán do Iarratais. Déanfar iarratais teoranta do na hiarratasóirí sin a chuir isteach Léiriú Spéise incháilithe.

Beidh gach iarratas faoi réir measúnú comparáideach. Beidh taifead scórála mionsonraithe á chomhlánú do ghach tionscadal ag an gCoiste Meastóireachta agus ní ghlacfar ach le na tionscadail is airde ó thaobh rátáil de i gcóir maoiniú.

Léiríonn an chairt seo a leanas na céimeanna sa phróiseas a bhaineann le hiarratas ar mhaoiniú, agus na céimeanna nach mór a chomhlánú go dtí críochnú an tionscadail má tá tú rathúil:

Próiseas Iarratais

Mar atá leagtha amach thuas, tá 7 gcéim a bhaineann le hiarratas a phróiseáil le haghaidh maoiniú ón gCéim Léiriú Spéise go dtí Céim Íocaíocht deontais deiridh. Tá na doiciméid atá ag teastáil do ghach céim leagtha amach go sonrach thíos.

(Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil an liosta seo uileghabhálach agus seans ann go mbeidh éagsúlacht ann idir tionscadail ó thaobh an doiciméadacht atá ag teastáil.)

Iarratas Maoiniú agus Seicliosta Críochnú Tionscadail do Thionscnóirí

Ag brath ar nádúr do thionscadal, ní mór go leor de na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh agus doiciméadacht a bhfuil tagairt déanta di a chur isteach mar chuid de do thionscadal, ó iarratas do dtí críochnú an tionscadail. Téigh i gcomhairle leis an Oifigeach Forbartha Tuaithe do do cheantar chun na riachtanais ar leith le haghaidh do thionscadal a shoiléiriú.

- Tá na chéad sraith de riachtanais mar chuid de do iarratas, agus ní mór iad a chomhlíonadh sula féidir do iarratas a phróiseáil.
- Tá an dara sraith de riachtanais mar chuid de do ghlacadh le cúnamh deontais agus is gá iad a chomhlíonadh le do chonradh sínithe.
- Tá an tríú agus an ceathrú sraith de riachtanais mar chuid de do éileamh a tharraingt síos do chúnamh deontais tar éis an tionscadal a bheith críochnaithe, agus ní mór iad a chomhlíonadh sula féidir d'íocaíocht a phróiseáil.

Le do Fhoirm Iarratais

(Infheidhmithe don chéim iarratais, don chéim measúnú agus don chéim mheastóireachta)

Uimh	Cáipéisí	Seiceáil (v)
1	Foirm Iarratais chomhlánaithe le haghaidh cúnamh deontais, sínithe agus dátaithe agat. <i>(Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil gá gach cuid den bhfoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán. Muna bhfuil ceist ag baint leat, marcáil mar N/B le do thoil agus mínigh an fáth).</i>	
2	Dearbhú do chúnamh De-Minimis comhlánaithe agus sonraí tugtha nuair atá sé infheidhme (mar chuid den bhfoirm iarratais).	
3	Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais agus Deimhniú Corpraithe i gcás cuideachta, nó Bunreacht i gcás Grúpa Pobail/Deonach.	
4	Plean Gnó/Plean Straitéiseach sínithe i gcás inarb infheidhme, nó breac-chuntas ar an tionscadal atá molta i gcás Grúpa Pobail/Deonach.	

5	Luachana/Tairiscintí atá sínithe agus dátaithe le sceideal comhlánaithe de luachana ag léiriú go soiléir na cinn atá á úsáid mar chuid den tionscadal. <i>NB: Caithfear luachana/tairiscintí a fháil do <u>ghach mír</u> caiteachais dá bhfuil cúnamh deontais á lorg.</i> <i>Sa chás nach féidir an líon riachtanach luachana a fháil, tá fianaise i scríbhinn (i.e. iarratais fhoirmiúla scríofa ón tionscnóir chuig soláthróirí /conraitheoirí ionchasacha) riachtanach chun a léiriú go lorgaíodh an líon riachtanach luachana.</i> Tá na treoirlínte a bheidh le leanúint i dtaobh soláthar poiblí ar fáil ar shuíomh gréasáin An Roinn Airgeadais– www.finance.gov.ie.	
6	Sa chás go bhfuil ranníocaíocht shaorálach mar pháirt de thionscadal, ní mór don tionscnóir luach na ranníocaíochta a fhíorú trí mheán neamhspleách.	
7	Sa chás go bhfuil Deonachán Comhchineáil in úsáid mar ranníocaíocht i leith caiteachais tionscadail, Foirm Iarratais Ríomha Deonachán Comhchineáil comhlánaithe/Foirm do Shaothar Deonach.	
8	I gcás síntiús, deimhniú go bhfuil luach aon síntiús a úsáideadh roimhe eisiata.	
9	Cuntais Ghnó sínithe agus iniúchta do na trí bliana anuas chomh maith leis an Ráiteas Bainc is déanaí (3 mhí seo caite). Do ghrúpaí deonacha agus cumainn, Cuntais Sínithe/Ráitis Airgeadais don bhliain seo caite chomh maith leis an Ráiteas Bainc is déanaí. Tabhair faoi deara le do thoil, go bhfuil cuntais ag teastáil freisin gach bliain ar feadh ré do Thionscadail.	
10	Sa chás go bhfuil an iarratas bainteach le forbairt gheilleagrach/forbairt fiontraíochta agus tacaíochtaí cruthú postanna, deimhniú gur GBM é an gnó, go bhfuil níos lú ná 250 fostaí fostaíthe ann agus go bhfuil láimhdeachas bliantúil de níos lú ná €50 milliún ann, agus clár comhardaithe bliantúil iomlán nach mó ná €43 milliún, ar nós litir ón gCuntasóir.	
11	Eolas ag teastáil chun Teastas Imréitigh Chánach a fhíorú.	
12	<u>Muna bhfuil tú cláraithe le haghaidh CBL</u> , deimhniú scríofa de seo ó na Coimisinéirí Ioncaim. <i>(Tabhair faoi deara le do thoil, go bhfuil litir CBL ag teastáil ag <u>gach céim</u> den íocaíocht deontais ina bhfuil íocaíochtaí céimnithe ag teastáil)</i>	
13	Fianaise scríofa den teagmháil a rinneadh le Gníomhaireachtaí Stáit eile/ranna/comhlachtaí maoinithe chun a fháil amach an bhfuil maoiniú eile ar fáil.	
14	Fianaise úinéireachta má tá obair de chineál caipitil ag baint leis an tionscadal.	
15	I gcás <u>talún faoi úinéireacht</u>	

	Cóip dheimhnithe le déanaí (ag an aturnae) den Ghníomhas Tíolacais/Dintiúr Fóilió/Stampa ag taispeáint an tionscnóir mar úinéir, <u>agus</u> léarscáil de na ceantair atá faoi úinéireacht. Mar mhalairt air sin déanfaidh litir <u>agus</u> léarscáil ó aturnae an tionscnóra ag deimhniú go bhfuil an tionscnóir ina úinéir an beart.	
(a)	I gcás <u>talamh ar léas</u> Ní mór cóip dheimhnithe le déanaí (ag an aturnae) den chomhaontú léasa a chur ar fáil i ngach cás. Déanfar an léas a shíniú ag an léasóir agus léasaí (an tionscnóir) araon, leis an dá síniú fianaithe. Aithnítear an talamh ar léas tré limistéir agus léarscáil. Déanfaidh an léas coinníoll ar an téarma, agus beidh sé ar feadh tréimhse nach giorra ná 5 bliana ó dháta na híocaíochta deiridh den CFT don tionscnóir. <i>NB: I gcásanna nach féidir léas foirmiúil a fháil, tá seans ann go nglacfaidh siad le comhaontuithe dlíthiúla eile atá cothrom ó thaobh probháid de má tá sé ceadaithe ag aturnae.</i>	
(b)	Má tá cead pleanála ag teastáil, dearbhú agus cóip den Chead Pleanála iomlán. Muna bhfuil cead pleanála ag teastáil, dearbhú scríofa ón Údarás Áitiúil.	
16	Fianaise na gcistí <u>Cistiú meaitseála</u> Fianaise gur féidir leis an tionscnóir a gcuid de chostais an tionscadail a chur ar fáil, ar nós iarmhéid bainc atá ann faoi láthair nó iasacht a dhaingniú. Evidence that the promoter can provide their portion of the project costs, such as existing bank balance or securing a loan. <u>Maoiniú Idirlinne</u> Fianaise gur féidir leis an tionscnóir 100% de chostais an tionscadail a chur ar fáil sa chéad dul síos, roimh éileamh a dhéanamh ar an maoiniú cúnamh deontais nuair atá an tionscadal críochnaithe.	
17	Más feirmeoir tú, foirm um Scéim De minimis Talmhaíochta comhlánaithe.	
18	Táscairí feidhmíochta comhlánaithe-an chéim iarratais.	
19	Fianaise ar Chomhlíonadh na gCaighdeán (AGPRC, Fáilte Ireland srl) nuair is gá.	
20	Measúnú cuí/Measúnacht Tionchair Timpeallachta más gá.	
21	Tá gá le toiliú agus ceaduithe do Thionscadail Oidhreachta, de réir threoir agus seicliosta comhlánaithe do thionscadail a dhéanann difear d'Oidhrecht.	
22	I gcás a bhaintear úsáid as conraitheoir/soláthróir d'obair níos mó ná €10,000, Beidh eolas ag teastáil chun Deimhniú Imréitigh Cánach leis an	

	conraitheoir/soláthróir a fhíorú.	
23	I gcás a bhaintear úsáid as conraitheoir/soláthróir i gcór aon chineál d'obair thógála, Beidh eolas ag teastáil chun Deimhniú Imreítigh Cánach leis an conraitheoir/soláthróir a fhíorú.	
24	Má tá éileamh á dhéanamh ar Stádas Carthanachta, caithfear deimhniú i scríbhinn de seo a fháil ón gCoimisinéir Ioncaim.	

Le do ghlacadh le Cúnamh Deontais

(Infheidhme don Tairiscint Cúnamh Deontais agus Céim Glactha)

1	Dearbhú nár thosaigh obair roimh glacadh leis an tairiscint ar chúnamh deontais.	
2	Cóip den Bheartas Árachais ag cur slánaíocht ar fáil don méid seo a leanas: - An tAire den Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, - An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, - Comhairle Contae Chiarraí, - Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chiarraí - Páirtneracht Forbatha Chiarraí Theas Teo - Coimisiún na gComhphobal Eorpach <i>(Caithfidh árachas a bheith bailí roimh tosach na hoibre agus a bheith bailí ar feadh tréimhse do thionscadal).</i>	
3	Fianaise Dhoiciméadach de árachas fostóra agus árachas dliteanais phoiblí do chonraitheoirí agus fo-chonraitheoirí mar aon le slánaíocht ó chonraitheoirí agus fochonraitheoirí don Tionscnóir. <i>(Caithfidh árachas a bheith bailí roimh tosach na hoibre agus a bheith bailí ar feadh tréimhse na hoibre a rinne an conraitheoir/fo-chonraitheoir).</i>	

Le linn do thionscadal

(Infheidhme don chéim éileamh agus don chéim íocaíochta)

1	Ní mór sé lógónna cláir a chur san áireamh ar an ábhar clóbhuailte go léir (cosúil le bileog, paimfléid, tuairiscí srl). Cuirfidh d'Oifigeach Forbartha Tuaithe na lógónna seo ar fáil ag an gcéim faomhadh tionscadal.	
2	Maidir le láithreáin ghréasáin, caithfear na sonraí thuas a chur ar fáil agus tagairt do ranníocaíocht an CETFT ar an leathanach baile, chomh maith le hipearnasc chuig suíomh gréasáin an Choimisiúin maidir le CETFT agus hipearnasc chuig an Roinn. <i>(Fianaise asphrionta ag teastáil, neamhbhainteach má tá tionscadal faoi 10K).</i>	
3	Do Thionscadail Chaipitil, caithfear plaic a chur ar taispeánt in áit fheiceálach ar chríochnú an tionscadail, ag taispeánt go bhfuil an tionscadal á mhaoiniú tríd an gclár Forbartha Tuaithe LEADER.	

4	Do threalamh a cheannaíodh, beidh sé riachtanach clár sócmhainní a logálann gach trealamh maoinithe ag CFT LEADER a líonadh amach. Is féidir le d'Oifigeach Forbartha Tuaithe é seo a chur ar fáil más gá.	
---	--	--

Le do Fhoirm Éilimh Deontais

(Infheidhme don chéim éileamh agus don chéim íocaíochta)

Uimh	Cáipéisí	Seiceáil (v)
1	Foirm éilimh deontas íocaíochta sínithe/ Sceideal sonrasc agus sonraí bainc.	
2	<u>Cruthúnas íocaíochta</u> – Bun-sonraisc sínithe miondealaithe íochta do ghach rud a cheannaíodh a léiríonn uimhir CBL nó PSP don soláthraí. – Caithfidh sonraisc a léiriú go bhfuil an tionscadal seo maoinithe ag LEADER. – Cóipeanna de seiceanna arna n-eisiúint do ghach rud a cheannaíodh mar aon le – Ráiteas Bainc ag taispeáint gach íocaíocht EFT agus seiceanna briste – Fáltais sínithe do ghach rud íochta – tabhair faoi deara le do thoil gur gá é seo a bheith mar doiciméad ar leithligh. Ní leor sonrasc marcáilte mar íochta.	
3	Muna bhfuil tú cláraithe le haghaidh CBL, deimhniú scríofa de seo ó na Coimisinéirí Ioncaim. <i>(Tabhair faoi deara le do thoil , go bhfuil litir CBL ag teastáil ag gach céim den íocaíocht deontais).</i>	
4	Foirm Táscaire Feidhmíochta chomhlánaithe (curtha ar fáil ag do OFT).	
5	Sa chás go bhfuil Deonachán comhchineáil á n-úsáid mar ranníoc faoi chomhair caiteachais Tionscadail, bileoga ama do shaothar deonach agus Deimhniú comhsheasmhacht leis na méideanna ceadaithe ó ailtire/suirbhéir cainníochta/innealtóir. Cuirfidh do Oifigeach Forbartha Tuaithe foirmeacha atá ag teastáil ar fáil ag an gcéim faomhadh tionscadal.	
6	Má bhí baint ag an tionscadal le soláthar oiliúna, tá gá le pacáiste doiciméadú oiliúna (clárú don chúrsa, meastóireacht srl). Cuirfidh do	

	Oifigeach Forbartha Tuaithe na foirmeacha seo ar fáil ag an gcéim faomhadh tionscadal.	
7	I gcás oibreacha caipitiúla, tuarascáil chigireachta ag deimhniú go bhfuil an obair atá á chúnamh curtha i gcrích go sásúil agus go bhfuil costais réasúnta. Tá gá freisin le Deimhniú Comhlíonta ó ailtire/innealtóir le pleanáil chuí, rialacháin tógála, tine agus rialacháin eile.	

Tabhair faoi deara an méid seo a leanas le do thoil:

Meastar go bhfuil tionscadal incháilithe le haghaidh maoiniú nuair atá litir thairisceana agus comhaontú conarthach seolta chugat ag Páirtneracht Forbatha Chiarraí Theas agus tá sé glactha go foirmiúil.

Ní féidir cúnamh deontais a thabhairt go siarghabhálach, agus beidh cuairt ar láithreán comhlánaithe ag ball fóirne CFT chun a fhíorú an bhfuil tús curtha le haon obair sula nglactar le tairiscint ar chúnamh deontais.

Má tá do thionscadal ceadaithe, beidh ort cloí le ceangaltais faisnéise agus poiblíochta an CFT.

Sonraí Teagmhála

Má tá tú féin/do ghrúpa ag lorg maoiniú faoin gClár um Fhorbairt Tuaithe (LEADER), dean teagmháil le do thoil leis an Oifigeach Clár um Fhorbairt Tuaithe i do cheantar.

Is iad seo a leanas na sonraí teagmhála:

Ceantar Chathair Saidhbhín:

Maureen O'Neill
Comhordaitheoir CFT
SKDP, West Main Street, Cahersiveen
066 – 9472724
087 – 6944432
modonnell@skdp.net

Ceantar Chill Orglan/Ceantar Chill Áirne:

Sean de Buitlear,
Oifigeach CFT
Library Place, Killorglin
066 – 9761615
087 – 2670689
sdebuitlear@skdp.net

Ceantar An Neidín/Ceantar Chill Áirne:

Don Colbert
Oifigeach CFT
21 Henry Street (1st Floor), Kenmare
064 – 6641930
086 – 9736941
dcolbert@skdp.net

AGUISÍN